Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12979/22**

**CSDP/PSDC 594**
**CFSP/PESC 1266**
**EUMC 300**
**COAFR 242**
**RELEX 1269**
**CONUN 220**
**CSC 422**
**EUTM RCA 14**
**PSC DEC 39**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/105 |

**CINNEADH (CBES) 2022/…**
**ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/105 (EUTM RCA/3/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

[1] IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2016/610, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoshuíomh straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a dhéanamh, lena n-áirítear na cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA a cheapadh ina dhiaidh sin.

(2) An 19 Eanáir 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/105[1] lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Jacky CABO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(3) An 28 Iúil 2022, trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2022/1334[2] chuir an Chomhairle síneadh le sainordú EUTM RCA go dtí an 20 Meán Fómhair 2023.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/105 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 19 Eanáir 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 (EUTM RCA/1/2022) (IO L 18, 27.1.2022, lch. 9).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/1334 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBES an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (OJ L 201, 1.8.2022, p. 27).

(4) An 16 Meán Fómhair 2022, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Lino Loureiro GONÇALVES mar chéad Cheannasaí Fórsa eile an Aontais Eorpaigh ar Misean EUTM RCA eile a luaithe is féidir. Thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh leis an togra sin.

(5) An 23 Meán Fómhair 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an togra ó údaráis mhíleata na Portaingéile.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Lino Loureiro GONÇALVES a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/105 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Lino Loureiro GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) amhail ón 10 Deireadh Fómhair 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/105 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*